C/2024/5384

2.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11614 – CVC / COMARCH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5384)

1. An 26 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí),

— Comarch S.A. ('Comarch', an Pholainn).

Gheobhaidh CVC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Comarch ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 17 Iúil 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— CVC: Comhairleoir agus/nó bainisteoir cistí infheistíochta a bhfuil leasanna aige i roinnt cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha éagsúla ar fud an domhain,

— Comarch: Soláthróir réiteach TF bunaithe ar a tháirgí féin, lena n-áirítear córais aicme pleanála acmhainní fiontraíochta, córais airgeadais agus chuntasaíochta, córais bainistíochta caidrimh le custaiméirí, bogearraí dílseachta, tacaíocht díolachán agus córais malartaithe doiciméad leictreonach, córais bhainistíochta le haghaidh líonraí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, córais billeála, bogearraí Faisnéise Gnó, seirbhísí bainistíochta slándála agus cosanta sonraí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11614 – CVC / COMARCH

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.